An Chomhairle Náisiúnta
um Oideachas Speisialta
National Council
for Special Education

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

# Straitéis TFC/Néalríomhaireachta 2025-2028



# Clár an Ábhair


Réamhrá 3

Achoimre Fheidhmeach 4

Cuspóir agus Comhthéacs 4

Fís agus Misean 4

Cuspóirí Straitéiseacha 4

Príomhspriocanna Insoláthartha 5

Na Torthaí a bhfuiltear ag súil leo 6

Ailíniú Straitéiseach 6

Príomhghníomhartha 6

1.0 Ráiteas Físe 7

2.0 Cur Chuige maidir le Ceapadh na Straitéise 9

2.1 I dTreo Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)atá Cumasaithe go Digiteach 9

2.2 Ailíniú Straitéiseach agus Reachtach 10

2.3 Spriocanna Insoláthartha TFC 10

2.4 Próisis Ghnó a Mhapáil 11

3.0 Cuspóirí Straitéiseacha 12

3.1 Timpeallacht Néalríomhaireachta 15

3.2 Slándáil 15

3.3 Bonneagar TF agus Córais Néalbhunaithe 16

3.4 Rialachas Sonraí agus Anailísíocht a Fheabhsú 17

4.0 Rialachas agus Cur chun Feidhme 18

5.0 Acmhainní agus Cumas Foirne 19

5.1 An Rannóg Teicneolaíochta agus Nuálaíochta 19

5.2 Ar fud CNOS 20

6.0 Claochlú agus Bainistíocht Athraithe 21

6.1 Sonraí Eagraíochtúla agus Litearthacht Dhigiteach a thógáil 21

7.0 Straitéis um Ascnamh Sonraí Oidhreachta 23

8.0 Cur Chuige i leith Soláthair 24

9.0 Treochlár – Príomhthionscadail agus Garspriocanna 25

Aguisín 1:
Breithnithe Straitéiseacha, Beartais agus Dlí 27

Aguisín 2:
Róil Néalríomhaireachta – Ón bhForbairt go dtí an tIar-Imscaradh 28

# Réamhrá

Is cúis mhór áthais dom fáilte a chur roimh fhoilsiú Straitéis TFC/Néalríomhaireachta 2025-2028. Treisíonn an plean seo go mór Straitéis Sonraí 2025–2028, a seoladh níos luaithe i mbliana, agus tógann sé ar an bhfondúireacht sin. Tá sé mar dhlúthchuid de mhisean CNOS córas oideachais cuimsitheach den chéad scoth a chothú in Éirinn; tacóidh cur chun feidhme rathúil na straitéise seo go mór le baint amach an sprioc sin. I saol nua-aimseartha na néalríomhaireachta agus na hintleachta saorga, tá sé ríthábhachtach go mbeadh teacht ag foireann CNOS ar an teicneolaíocht is déanaí chun seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar.

Tá claochlú mór tagtha ar an NCSE le blianta beaga anuas, agus tá a dhá oiread foirne anois ann. Táthar ag súil go leanfaidh an fás sin de réir mar a leathnóimid ár gcuid oibre chun an tSeirbhís Tacaíochta Teiripe Oideachais a thabhairt faoinár gcúram. Cuireann deiseanna leathnaithe agus inscálaitheachta na néalríomhaireachta ar chumas CNOS amharc go dóchasach ar an am atá le teacht.

Tá sé aitheanta le fada ag Foireann Bainistíochta Sinsearaí CNOS agus ag ár bpáirtithe leasmhara gur gá ár gcórais a nuachóiriú. Táimid ag bogadh i dtreo cur chuige digiteach agus uathoibrithe chun freastal níos fearr a dhéanamh ar na tuismitheoirí agus na leanaí a bhraitheann orainn, chomh maith le tacú lenár bhfoireann féin ina gcuid oibre laethúil. Tá an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí go hiomlán taobh thiar den straitéis seo dá réir, agus is léir dúinn nach mór do gach rannóg den CNOS oibriú as lámha a chéile chun an toradh is fearr is féidir a bhaint amach.

Leagann an straitéis seo amach an treoirphlean is gá dúinn a leanúint sula bhfaighfear agus sula n-imscarfar córas nua. Tugtar aird ar leith sa straitéis freisin ar bhainistíocht claochlaithe éifeachtach, ag cinntiú go gcuirtear riachtanais na ndaoine, na bpróiseas agus na teicneolaíochta san áireamh i gcónaí.

Táim muiníneach go dtagann an straitéis go maith le Straitéis Sonraí CNOS a foilsíodh le déanaí. Le chéile, tabharfaidh siad an treoir riachtanach dúinn chun córas a fhorbairt atá dírithe ar an leanbh agus a fhreastalóidh go héifeachtach ar sheirbhís atá ag athrú go tapa.



**John Kearney POF**
**11 Nollaig 2025**

# Achoimre Fheidhmeach

## Cuspóir agus Comhthéacs

Leagtar amach i Straitéis TFC/Néalríomhaireachta CNOS 2025-2028 treoirphlean claochlaitheach chun seirbhísí TFC a nuachóiriú agus chun réitigh dhigiteacha shlána, inscálaithe agus úsáideoir-lárnacha a chumasú. Tacóidh na réitigh seo le hoideachas cuimsitheach do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tógann an plean seo ar Straitéis Sonraí CNOS agus tá sé ag teacht go hiomlán le polasaithe digiteacha náisiúnta, go háirithe Creat Digiteach na hÉireann agus Cónascadh Rialtais 2030.


## Fís agus Misean

Fís: Seirbhísí TFC den scoth a sholáthar a fheabhsóidh taithí an úsáideora, a chinnteoidh trédhearcacht, agus a chabhróidh le cinnteoireacht eolasach.

Misean: Réitigh dhigiteacha shlána a chur ar fáil a bheidh cobhsaí agus inscálaithe, chun seirbhísí do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a neartú.

## Cuspóirí Straitéiseacha

- Claochlú Digiteach: Córais a lárú agus iarratais seirbhíse a dhigitiú; tairseach ar líne aontaithe a sheoladh do thuismitheoirí, do scoileanna agus d'fhoireann CNOS.
- Bonneagar Néalríomhaireachta: Bogadh i dtreo timpeallacht néalríomhaireachta le haghaidh solúbthachta; an bunachar sonraí, Bainistíocht Caidrimh Chustaiméirí (CRM), Córas Bainistíochta Cásanna (CMS), agus Córas Bainistithe Doiciméad (DMS) a chomhtháthú in aon ardán amháin.
- Cibearshlándáil agus Comhlíonadh: Caighdeáin ISO 27001 agus creataí a chomhlíonann RGCS a chur i bhfeidhm; speisialtóir cibearshlándála tiomnaithe a earcú.
- Rialachas agus Anailísíocht Sonraí: Ardán sonraí slán, aontaithe a bhunú le haghaidh tuairiscithe agus pleanála; creat cáilíochta sonraí agus samhail rialachais a chur i bhfeidhm.
- Inrochtaineacht agus Cuimsiú: Comhlíonadh WCAG 2.1 agus tacaíocht ilteangach a chinntiú; gnéithe teicneolaíochta cúnta a chur ar fáil ar gach ardán.
- Forbairt acmhainne: Scileanna na foirne sa litearthacht dhigiteach, sa litearthacht sonraí, agus san Intleacht Shaorga a mhéadú
- Cur Chuige Cur chun Feidhme



- Seachadadh Céimnithe: Tosaíocht a thabhairt don tslándáil, don inscálaitheacht, agus do rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara.
- Rialachas: Grúpa Stiúrtha Córas a bhunú faoi chathaoirleacht an Phríomhoifigigh Teicneolaíochta agus Nuálaíochta.
- Rialú Costais: Ról tiomnaithe do Rialtóir Costais Néalríomhaireachta agus maoirseacht airgeadais láidir a chinntiú.
- Soláthar: Úsáid a bhaint as creataí HEAnet agus OGP (An Oifig um Sholáthar Rialtais) le haghaidh réitigh chomhlíontacha a thugann luach ar airgead.

## Príomhspriocanna Insoláthartha

- Córas aontaithe néalríomhaireachta (CRM, CMS, DMS) a mbeidh bunachar sonraí singil aige.
- Tairseacha poiblí do thuismitheoirí agus do scoileanna.
- Straitéis chuimsitheach maidir le hascnamh sonraí.
- Creat don chibearshlándáil agus saineolaí slándála buan.
- Próisis 'Tús Áite don Digitiú' a chur in ionad na bpróiseas láimhe.

## Na Torthaí a bhfuiltear ag súil leo

- Seachadadh Seirbhíse Feabhsaithe: Idirghníomhaíochtaí níos sruthlínithe do thuismitheoirí, do scoileanna agus do ghairmithe.
- Aclaíocht Eagraíochtúil Neartaithe: Córais inscálaithe a bheidh in ann freagairt d'athruithe ar bheartas agus ar éileamh.
- Cinnteoireacht Shonraíbhunaithe: Anailísíocht iontaofa le haghaidh leithdháileadh acmhainní agus forbairt beartas.
- Éiceachóras Digiteach Cuimsitheach: Ardáin inrochtana, shlána agus sholáimhsithe.

## Ailíniú Straitéiseach

Tacaíonn an straitéis seo le Ráiteas Straitéise 2023-2026 CNOS, go háirithe Sprioc 1: Seachadadh Seirbhíse agus Sprioc 4: Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochtúil. Tá an straitéis seo ag teacht go hiomlán freisin le polasaithe níos leithne an Rialtais maidir leis an néalríomhaireacht, an intleacht shaorga agus seachadadh seirbhísí digiteacha rialtais don phobal.

## Príomhghníomhartha

- Cur chun feidhme an láithreáin ghréasáin nua a thabhairt chun críche agus iniúchadh a dhéanamh ar úsáid tairseacha gréasáin.
- Cás Gnó a dhréachtú agus dul i mbun teagmhála le DGOU agus le OGCIO.
- An cur chuige i leith soláthair a dheimhniú.
- Struchtúir rialachais a bhunú agus príomhróil a líonadh.
- Plean d'Ascnamh Sonraí a chur i dtoll a chéile
- Plean Claochlaithe a leagan amach
- Struchtúir agus Plean Bainistíochta Costas a chur i bhfeidhm
- Plean Bainistíochta Tionscadail a fhorbairt

# 1.0 Ráiteas Físe

Tá an straitéis seo bunaithe ar an bprionsabal nach mbeidh athrú éifeachtach ann mura mbíonn daoine, próisis agus teicneolaíocht ag obair as lámha a chéile. Agus muid ag tabhairt faoin turas straitéiseach seo, tá sé ríthábhachtach go dtuigfimid an spleáchas atá ag na trí ghné seo ar a chéile, agus go dtógfar córais a dhéanfaidh iad a chothromú agus a chomhordú go héifeachtach.

## Treoirphrionsabail

- Ailíniú lenár spriocanna straitéiseacha: (Ráitis Straitéise CNOS 2023-2026)
- Cuimsitheacht (cur chuige leanbhlárnach agus inrochtana do chách)
- Dearadh atá dírithe ar an úsáideoir – sonraí a ghabháil uair amháin agus iad a úsáid go minic (tuismitheoirí, scoileanna agus foireann CNOS)
- Rannpháirtíocht geallsealbhóirí
- Slándáil agus cosaint sonraí
- Inscálaitheacht (córais atá in ann freagairt d’athruithe ar bheartais agus ar éileamh)
- Sláine sonraí trí bhainistíocht agus rialachas éifeachtach chun 'foinse aonair na fírinne' a bhaint amach.

Tá an straitéis seo tiomanta do phróisis ghnó atá éifeachtach, slán agus sonraíbhunaithe a chumasú. Déanfar é sin trí úsáid fhaisnéiseach a bhaint as an teicneolaíocht agus as uirlisí digiteacha, mar aon le bainistíocht straitéiseach agus cosaint sonraí a chur i bhfeidhm go diongbháilte. Trí ghlacadh leis an gClaochlú Digiteach, tá sé d'aidhm againn oibríochtaí a shruthlíniú, cinnteoireacht a fheabhsú, agus luach a sheachadadh ar fud gach feidhme. Tríd an gcur chuige seo, ní hamháin go dtacófar leis an nuálaíocht, leis an gcomhlíonadh agus le feabhsú an tseachadta seirbhíse, ach déanfar na gnéithe sin a thiomáint go gníomhach trí bhíthin na teicneolaíochta.

Cuirfidh an toradh deiridh bonn faoi chultúr néalbhunaithe, atá liteartha ó thaobh sonraí de, a fhorbairt agus a chothú laistigh de CNOS; cultúr a sheachadfaidh seirbhís den scoth don pháiste agus dár ngeallsealbhóirí. Tacófar le foghlaim agus le forbairt leanúnach d’fhonn a chinntiú go mbeidh an fhoireann in ann uasoiliúint a dhéanamh agus bláthú sa timpeallacht nua dhigiteach.


Tá ról ríthábhachtach ag CNOS maidir le seirbhísí oideachais speisialta a chomhordú agus tacú lena seachadadh ar fud na hÉireann. Chun freastal ar an éileamh atá ag méadú, chun freagracht seirbhíse a fheabhsú, agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chórasacha, tá CNOS ag glacadh le straitéis dhigiteach atá réamhbhreathnaitheach. Áirítear leis seo infheistiú i gcórais nua-aimseartha TF, ardáin seirbhíse inrochtana, agus timpeallachtaí sonraí slána.

Leagtar amach sa doiciméad seo an treo straitéiseach d'úsáid na Teicneolaíochta Faisnéise laistigh den Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) don tréimhse 2025-2028. Tá sé mar aidhm ag an straitéis seachadadh seirbhíse a nuachóiriú, feabhas a chur ar chinnteoireacht shonraíbhunaithe, inrochtaineacht a chinntiú, agus sonraí íogaire a chosaint. Agus í bunaithe ar phrionsabail an chuimsithe, an chothromais agus na trédhearcachta, tá an straitéis seo ag teacht go hiomlán le polasaithe náisiúnta oideachais agus le clár oibre an rialtais dhigitigh.

Leagtar amach sa straitéis seo sraith shoiléir gníomhartha a thabharfaidh fócas comhsheasmhach dár n-iarrachtaí chun cur le hacmhainn na heagraíochta leas a bhaint as réitigh teicneolaíochta atá nuálach, inrochtana agus slán. Tacóidh sé seo leis an oideachas cuimsitheach chun a chinntiú go bhfaigheann gach leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu seirbhísí atá tráthúil agus éifeachtach.

Déanfaidh an straitéis tuilleadh tacaíochta agus treisithe ar Ráiteas Straitéise CNOS 2023-2026 trí luachanna agus feidhmeanna na Comhairle a neartú. Ina theannta sin, tacóidh an straitéis seo go díreach le Seachadadh Seirbhíse (Sprioc 1), agus go háirithe le Cuspóir 4 faoi Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochtúil (Sprioc 4).

Chuige sin, forbrófar Straitéis TFC agus Bainistíochta Sonraí d'fhonn freastal go héifeachtach ar riachtanais phleanála agus tuairiscithe CNOS agus na ngeallsealbhóirí seachtracha.



# 2.0 Cur Chuige maidir le Ceapadh na Straitéise

Tá forbairt na Straitéise TFC seo bunaithe go daingean ar Ráiteas Straitéise agus ar Straitéis Sonraí CNOS, d'fhonn a chinntiú go dtagann ár dtreo teicneolaíochta le croí-mhisean na Comhairle: seirbhísí cuimsitheacha ardchaighdeáin a sholáthar i réimse an oideachais speisialta. Chuamar i mbun teagmhála go gníomhach le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) chun comhlíonadh na gcaighdeán náisiúnta digiteach agus cibearshlándála a chinntiú. Chomhoibríomar chomh maith le príomhpháirtithe san earnáil phoiblí – lena n-áirítear an tSeirbhís Chúirteanna, Tusla, agus comhlachtaí oideachais – d'fhonn comhsheasmhacht, foghlaim chomhroinnte, agus cloí leis an dea-chleachtas a chinntiú. Áiríodh inár gcur chuige rannpháirtíocht leis an margadh freisin, rud a d'fhág go raibh muid in ann measúnú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus ar chleachtais shuntasacha a chuirfeadh feabhas ar ár seachadadh seirbhíse. Rinneadh an straitéis a mhúnlú trí phróiseas struchtúrtha d'anailís ar riachtanais, de chomhairliúchán le geallsealbhóirí, agus de léirmheas ar na córais agus ar na sreafaí sonraí reatha. Déantar na léargais sin a dhlúthú sa cháipéis deiridh seo d'fhonn treochlár soiléir inghníomhaithe a leagan amach; plean a thacaíonn le próisis ghnó atá slán, sonraíbhunaithe agus cumasaithe go digiteach ar fud CNOS.

Leanfar de rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí agus méadófar an luas faoin rannpháirtíocht sin le linn chur i bhfeidhm na straitéise seo.

## 2.1 I dTreo Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) atá Cumasaithe go Digiteach

Tá ról ríthábhachtach ag sonraí laistigh de CNOS, ní hamháin maidir le tacaíocht agus seachadadh seirbhísí criticiúla, ach maidir le múnlú polasaithe níos leithne an Rialtais chomh maith. Le blianta beaga anuas, de cheal polasaí láraithe TFC, tháinig córais éagsúla in úsáid san eagraíocht chun freastal ar riachtanais ghnó foirne éagsúla. Dá bharr sin, is é an gnáthshamhail ghnó anois ná úsáid córas ad-hoc ina bhfuil stórais aonraithe sonraí eagraíochtúla nach dtagann le chéile. Is bac é seo i leith forchostais láimhe don fhoireann agus tá cáilíocht na sonraí go fo-optamach dá thairbhe.

Is é aidhm na straitéise seo ná cur leis na moltaí i Straitéis Sonraí CNOS agus iad a chur i bhfeidhm. Is cuid é seo de chur chuige iomlánaíoch chun feidhmeanna a chomhcheangal laistigh de chóras aontaithe agus chun bealaí sruthlínithe a chumasú chun sonraí a bhailiú ó fhoinsí éagsúla. Stórálfar sonraí i mbunachar sonraí láraithe néalríomhaireachta, rud a chuirfidh foinse sonraí uileghabhálach ar fáil; foinse as ar féidir tuairiscí éagsúla a thiomsú agus dearbhú ann go mbeidh siad comhsheasmhach, iontaofa agus go bhfeidhmeoidh siad mar 'fhoinse aonair na fírinne'.

## 2.2 Ailíniú Straitéiseach agus Reachtach

Is i gcomhthéacs na ngnéithe seo a leanas a ceapadh an straitéis seo:

- Straitéis Sonraí CNOS 2025-2028
- Connecting Ireland 2030
- Creat Digiteach na hÉireann
- An Straitéis Náisiúnta Um Chuimsiú Míchumais
- Beartas agus Reachtaíocht um Chosaint Sonraí agus RGCS
- An tAcht Oideachais, 1998 – An tAcht Oideachais, 1998
- An tAcht um Míchumas, 2005 – An tAcht um Míchumas, 2005
- An tAcht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna), 2018 – An tAcht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna), 2018
- An tAcht Oideachais (Socrú i leith Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu), 2022 – An tAcht Oideachais (Socrú i leith Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu), 2022
- An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004 – An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004

## 2.3 Spriocanna Insoláthartha TFC


Is é is aidhm don chóras nua na torthaí seo a leanas a bhaint amach:

- Aistriú ó chórais ilroinnte (ar an láthair) chuig néalseirbhís lán-chomhtháite, a mbeidh **Bunachar Sonraí (BS)** singil mar chroítheascán ag bonneagar néalríomhaireachta CNOS, lena n-áirítear:
    - **Córas Bainistíochta Caidrimh Chustaiméirí (CRM)** – le haghaidh rannpháirtíochta le tuismitheoirí agus le scoileanna, agus chun taifead a choinneáil ar na hidirghníomhaíochtaí sin.
    - **Córas Bainistithe Cásanna (CMS)** – chun taifid daltaí agus scoileanna a stóráil.
    - **Córas Bainistithe Doiciméad (DMS)**– chun gach cineál doiciméid a stóráil, a bhainistiú agus a rianú (Word, Excel, PowerPoint, srl.).
- Is ar an raon próiseas gnó optamaithe laistigh de CNOS a bhunófar tógáil an chórais nua, agus is acu sin a bheidh sí múnlaithe go hiomlán (féach an mhapáil thíos).
- Solúbthacht, inscálaitheacht agus acmhainn chun forbairtí nua teicneolaíochta a ghlacadh chugainn féin – i dteannta le feabhsú leanúnach ar phróisis.
- Solúbthacht chun oiriúnú do riachtanais ghnó atá ag athrú
- Láithreán gréasáin poiblí agus tairseacha slána a thabharfaidh slí idirghníomhaithe gan stró do thuismitheoirí, do scoileanna, don phobal, agus don Roinn Oideachais agus Óige. Ar deireadh thiar, is mar aonán singil gan uaim a fheicfear an córas nua seachas mar chnuasach de chórais éagsúla.

## 2.4 Próisis Ghnó a Mhapáil

Is amhlaidh gur thug CNOS faoi chlár cuimsitheach chun próisis ghnó a mhapáil mar chuid dár n-aistriú i dtreo na néalríomhaireachta. Rinneadh é sin d'fhonn a chinntiú go mbeidh an timpeallacht néalríomhaireachta
múnlaithe timpeall ar fhíor-riachtanais ár seirbhísí. Is éard atá i gceist leis an obair seo ná anailís agus doiciméadú a dhéanamh ar phríomhshreafaí oibre ar fud na heagraíochta, agus neamhéifeachtúlachtaí, spleáchais, agus deiseanna uathoibrithe agus comhtháthaithe a aithint. Trí na próisis seo a ailíniú lenár spriocanna straitéiseacha agus lenár n-acmhainní TFC, táimid ag cruthú ailtireacht néalríomhaireachta
atá láidir go teicniúil agus bríoch go hoibríochtúil araon. Cuireann an fheidhmiúchán mapála seo eolas ar fáil do dhearadh an chórais, do na sreafaí sonraí, agus d'eispéireas an úsáideora, rud a chinntíonn go dtacaíonn an réiteach néalríomhaireachta le seachadadh seirbhíse atá slán, éifeachtach agus sofhreagrach ar fud gach feidhme de chuid CNOS.

Déanfar dlús a chur le leanúint den chleachtadh mapála ar phróisis ghnó mar phríomhthosaíocht i gcéimeanna tosaigh chur i bhfeidhm na straitéise seo. Beidh rannpháirtíocht iomlán na ngeallsealbhóirí uile, go háirithe ag leibhéal an tseachadta seirbhíse agus na tacaíochta, ríthábhachtach do rath an tionscadail seo.



# 3.0 Cuspóirí Straitéiseacha

Is amhlaidh gur ceapadh an straitéis seo d'fhonn cumas CNOS a neartú maidir le seirbhísí eisceachtúla a sholáthar do scoláirí, do thuismitheoirí agus do scoileanna trí chleachtais atá éifeachtach agus torthúil. Is é is aidhm di dearadh córas, smaointeoireacht chruthaitheach agus cultúr nuálaíoch a dhlúthú d'fhonn cáilíocht na seirbhíse a ardú, agus ag an am céanna, leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an digitithe, na néalríomhaireachta agus na hintleachta saorga. Príomhthosaíocht is ea a chinntiú go mbeidh an fhoireann feistithe leis na scileanna, an t-eolas, na huirlisí agus na hacmhainní is gá chun go n-éireoidh go geal leo. Trí fheabhas a chur ar chumas na pleanála straitéisí agus trí mheicníochtaí láidre a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht, ar fhoghlaim agus ar fheabhsú leanúnach, cruthóidh CNOS timpeallacht TFC atá dinimiciúil, sofhreagrach agus réidh don todhchaí; timpeallacht a thacaíonn le hoideachas cuimsitheach do chách.

Leagtar amach cuspóirí straitéiseacha CNOS thíos:

**1. Claochlú Digiteach ar Sheirbhísí**

- Sreafaí oibre do thaisceadh iarratas, do bhainistíocht cásanna agus do chórais lorgaireachta a shruthlíniú agus a dhigitiú
- Tairseach ar líne láraithe a sheoladh do thuismitheoirí, do scoileanna agus do ghairmithe
- Bainistíocht agus seachadadh seirbhísí CNOS a nuachóiriú

**2. Bonneagar TF agus Straitéis Néalríomhaireachta**

- Córais TF a nuachóiriú le réitigh shlána néalbhunaithe chun tacú le cianobair, le comhoibriú agus le hinscálaitheacht
- Timpeallacht néalríomhaireachta hibrideach[1] (OGCIO agus néal poiblí) a fhorbairt d'fhonn solúbthacht agus athléimneacht a chinntiú

**3. Cibearshlándáil agus Cosaint Sonraí**

- Creataí slándála láidre (m.sh. ISO 27001) agus prótacail dhaingne (m.sh. fíordheimhniú dhá fhachtóir) a ghlacadh chun sonraí pearsanta agus íogaire a chosaint
- Comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus na reachtaíochta náisiúnta um chosaint sonraí a chinntiú

1 Is i ndá chuid ar leith a dhéanfar bainistíocht ar an timpeallacht hibrideach. Beidh an timpeallacht Néalríomhaireachta faoi chúram CNOS, agus beidh na feidhmíochtaí Deisce agus 'Tógáil le Roinnt' faoi chúram OGCIO. Is ag céim thorthaí an tsoláthair a dhéanfar mionsonraí faoi chineál hibrideach an chórais nua a chinneadh go cinntitheach.



## 4. Sonraí agus Anailísíocht Fheabhsaithe

- Ardán sonraí slán inscálaithe a chur i bhfeidhm chun sonraí maidir le riachtanais agus seirbhísí oideachais speisialta a bhailiú, a anailísiú agus tuairisc a thabhairt orthu
- Úsáid a bhaint as sonraí chun eolas a chur ar fáil do bheartais, chun treochtaí a aithint, agus chun tacú le leithdháileadh acmhainní
- Is amhlaidh go ndéantar tagairt dó seo i Straitéis Sonraí CNOS; tugtar mionsonraí faoi seo faoi na ceannteidil 'Freagairt Straitéiseach', 'Fís', agus 'Tairbhí', mar a bhfuil sonraí iontaofa agus uirlisí anailíseacha cumhachtacha mar chuid lárnach de fhís CNOS

## 5. Inrochtaineacht agus Cuimsiú

- Comhlíonadh na gcaighdeán inrochtaineachta WCAG 2.1 a chinntiú ar gach ardán digiteach
- Tacaíocht ilteangach agus teicneolaíocht chúnta a chur ar fáil ar gach córas poiblí
- Is amhlaidh go ndéanfar ábhar digiteach a dhearadh d'fhonn tacú le teicneolaíochtaí cúnta agus inúsáidteacht a chinntiú do chách

## 6. Cumarsáid agus Rannpháirtíocht Geallsealbhóirí

- Cainéil dhigiteacha a chruthú (ríomhphost, aip shoghluaiste, teachtaireachtaí tairsí) chun nuashonruithe fíor-ama a sholáthar do thuismitheoirí, do scoileanna, agus d'fhoirne ERSO
- Oiliúint agus treoir a chur ar fáil trí sheimineáir ghréasáin, trí mhodúil ríomhfhoghlama, agus trí bhunachair eolais

7. **Scileanna Digiteacha agus Tógáil Acmhainne**


- Oiliúint dhigiteach leanúnach a sholáthar d'fhoireann CNOS, do na hEagraithe Riachtanas Speisialta Oideachais (ERSO), agus d'fhoirne tacaíochta
- Tacaíocht TF a leabú i bhfoirne réigiúnacha d’fhonn cabhrú le riachtanais teicneolaíochta áitiúla

8. **Rialú Costais**


- Plean Bainistíochta Costas
- Próisis láidre rialachais i leith rialú costais
- Ról tiomnaithe do Rialtóir Costais Néalríomhaireachta

9. **Rialachas Tionscadail**

- Róil agus freagrachtaí soiléire tionscadail
- Tuairiscí rialta ar dhul chun cinn tionscadal chuig an bhFoireann Ardbhainistíochta agus an Chomhairle



## 3.1 Timpeallacht Néalríomhaireachta




Tacóidh an timpeallacht néalríomhaireachta leis an; Bunachar Sonraí lárnach, CRM, DMS agus CMS. Cuirfidh sé seo ar chumas sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla a ghiniúint, a stóráil agus a anailísiú. Tacófar le seachadadh feabhsaithe seirbhísí tríd an timpeallacht néalríomhaireachta; córas comhtháite a éascóidh próisis shruthlínithe agus a sholáthróidh foinse aonair sonraí d'fhonn tuairisciú uileghabhálach aontaithe a chur ar fáil.

Leanfaidh láithreán gréasáin nua feabhsaithe CNOS de fhaisnéis agus de threoir a chur ar fáil don phobal, agus é cothrom le dáta go hiomlán le gnéithe inrochtaineachta feabhsaithe. Is amhlaidh go mbeidh an córas comhtháite sa néal chomh maith, rud a thabharfaidh deis do CNOS tairseacha poiblí a nascadh; éascóidh na tairseacha sin idirghníomhú gan stró leis an bpobal agus le scoileanna, agus beifear in ann iarratas a dhéanamh go díreach ar sheirbhísí CNOS tríothu.

- Is ar CNOS a bheidh freagracht iomlán as an timpeallacht néalríomhaireachta, lena n-áirítear na sonraí agus an córas féin, an chibearshlándáil, bainistíocht agus cothabháil, mar aon le huasghrádú agus paistí córais
- Is faoi chúram na Foirne Teicneolaíochta agus Nuálaíochta a bheidh rochtain ar sheirbhísí néil a bhainistiú thar cúig cholún CNOS

## 3.2 Slándáil

Neartaítear an straitéis seo go mór de bharr bhallraíocht CNOS in HEAnet, líonra náisiúnta oideachais agus taighde na hÉireann, mar aon le glacadh le creat OCRE (Open Clouds for Research Environments); tríothu sin, éascaítear rochtain shlán, inscálaithe agus chostéifeachtach ar sheirbhísí néalríomhaireachta iontaofa.

Éascaítear dlús a chur le glacadh na néalríomhaireachta de bharr na ballraíochta in HEAnet; cinntíonn sé sin comhlíonadh iomlán na gcaighdeán soláthair agus cibearshlándála don earnáil phoiblí, mar aon le cosaint sonraí agus idir-inoibritheacht ar fud na gcóras go léir.

Anuas ar an rochtain ar réitigh soláthair TFC atá so-úsáidte, is gnéithe lárnacha den chur chuige seo iad slándáil na gcóras TFC agus na sonraí; comhlíonann soláthraithe atá ceadaithe ag OCRE riachtanais dhiana an AE maidir le cosaint sonraí, rud a thugann deimhin dúinn go láimhseáiltear sonraí íogaire, go háirithe na cinn sin a bhaineann le daltaí agus le teaghlaigh, leis an leibhéal is airde sláine agus cosanta.
Is gné ríthábhachtach í an tslándáil chuimsitheach éifeachtach chun ár gcórais a chosaint ar raon leathan ionsaithe atá ag athrú de shíor, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do na nithe seo a leanas:

- Bogearraí éirice
- Sáruithe ar shonraí
- Fuadach cuntais
- Diúltú seirbhíse
- Fuadach Acmhainní Néalríomhaireachta

Is é an cur chuige seo a fhágfaidh gur féidir linn timpeallacht néalríomhaireachta atá athléimneach agus slán a thógáil; tacaíonn sé sin le tiomantas CNOS don chlaochlú digiteach, rud a éascóidh bonneagar solúbtha d'fhonn bainistíocht sonraí a fheabhsú agus seachadadh seirbhíse agus comhoibriú ar fud na heagraíochta a neartú.

Príomhsheirbhísí a dhigitiú agus ardáin sholáimhsithe éifeachtacha a fhorbairt d'fhonn rannpháirtíocht le scoileanna, le tuismitheoirí agus le geallsealbhóirí a éascú. Is mar phointe rochtana aonair a fheidhmeoidh tairseach lárnach le haghaidh iarratas, rianú tacaíochta agus cumarsáide.

Is gné ríthábhachtach í creat cibearshlándála láidir a chur i bhfeidhm d'fhonn córais agus sonraí a chosaint de réir an dea-chleachtais (m.sh. ISO 27001). Cuirfear oiliúint ar an bhfoireann i bhfeasacht ar chibearshlándáil agus i rialachas sonraí. Tá sé i gceist freisin saineolaí slándála buan a cheapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht leanúnach agus ar uasghrádú ar thimpeallacht néalríomhaireachta CNOS.

Agus an fhoireann á huasoiliúint agus á forbairt don chóras nua agus dá chumais shonraíbhunaithe, beidh sé ríthábhachtach litearthacht slándála, airdeall agus aireachas na foirne a neartú tuilleadh. Déanfaidh CNOS saineolaí slándála tiomnaithe a fhostú chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar bhainistíocht próiseas agus córas iomchuí sa réimse seo.

## 3.3 Bonneagar TF agus Córais Néalbhunaithe

Aistriú chuig córas TF modúlach, nua-aimseartha agus néalbhunaithe d'fhonn solúbthacht, athléimneacht córais agus inscálaitheacht don todhchaí a chumasú. Tacófar le timpeallachtaí oibre hibrideacha agus le comhoibriú sonraí idirghníomhaireachta, mar is iomchuí, tríd an mbonneagar TF. Bainfidh an córas aontaithe leas as teicneolaíochtaí néalbhunaithe chun tairseacha daltaí, scoileanna agus riaracháin a chomhtháthú, chun gabháil sonraí a dhigitiú, chun tacú le próisis ghnó fheabhsaithe, agus chun idir-inoibritheacht rianúil córais a chinntiú trí chomhtháthú iomlán API. Is é an cur chuige seo a fhágfaidh gur féidir le feidhmchláir, córais,
agus seirbhísí feidhmiú mar aonad comhtháite; éascófar cumarsáid idir córas néalbhunaithe CNOS agus córais eile atá faoi chonradh ag CNOS lasmuigh de struchtúr néalríomhaireachta na heagraíochta.

Is amhlaidh go mbeidh córas slán solúbtha chun taifid a stóráil agus a bhainistiú laistigh den chóras nua; éascófar catagóiriú agus innéacsú doiciméad leis, rud a fheabhsóidh inchuardaitheacht agus a chumasóidh idirghníomhú gan stró d'fhonn tacú le próisis ghnó.

Is í an Fhoireann Teicneolaíochta agus Nuálaíochta a thacóidh leis an bhfeidhmíocht a sholáthróidh an córas nua—maidir le timpeallachtaí oibre hibrideacha, comhtháthú tairseacha, gabháil sonraí digitithe agus próisis ghnó fheabhsaithe—trí chrua-earraí iomchuí a chur ar fáil d'fhoireann uile CNOS. Beidh ar chumas na foirne idirghníomhú le próisis, sonraí a ghiniúint, a uaslódáil agus a íoslódáil, mar aon le tuairiscí a thiomsú, beag beann ar shuíomh geografach nó ar an ngá le deasc nó oifig sheasta. Déanfar é seo trí chrua-earraí a chur ar fáil—mar shampla ríomhaire glúine, táibléad soghluaiste, srl. —chun freastal ar a ról agus ar a gcuid riachtanas laethúil. Is í an fhoireann Tacaíochta TF laistigh den Fhoireann Teicneolaíochta agus Nuálaíochta a bhainisteoidh an próiseas seo, rud a bheidh ag brath ar rannpháirtíocht fhairsing leis an raon iomlán foirne d'fhonn an comhtháthú is fearr a dhéanamh lena gcleachtais oibre.

De bharr thógáil an chórais dhinimiciúil láidir seo, beifear in ann bogadh i dtreo samhail oifige gan pháipéar; baileofar sonraí ag an bhfoinse trí fhoirmeacha agus tairseacha ar líne a bheidh ag beathú an lárchórais. Ar an mbealach sin, agus na sonraí ar fáil go digiteach, beifear in ann comhaid pháipéir a bhaint as oifigí CNOS.

## 3.4 Rialachas Sonraí agus Anailísíocht a Fheabhsú

Tacaíonn an straitéis seo le roinnt gníomhartha atá sainaitheanta i Straitéis Sonraí CNOS. Tá na gníomhartha sin sainithe laistigh de shruthanna oibre na straitéise sonraí. Tá na sruthanna oibre agus a bPríomhréimsí Tosaíochta liostaithe thíos:

- **Acmhainn** – Tionscnaimh chun tacú le riachtanais an Aonaid Sonraí
- **Comhdhlúthú** – Próisis agus córais a chomhdhlúthú
- **Tuairisciú** – Ceanglais Tuairiscithe Sonraí a shainiú
- **Comhroinnt** – Treoir an AE maidir le Sonraí Oscailte a chur i bhfeidhm
- **Croílár** – Mapáil ar phróiseáil gnó agus an tSamhail Sonraí a shainiú
- **Cáilíocht** – Creat cáilíochta sonraí a chur i bhfeidhm
- **Rialachas** – Cleachtais láidre maidir le rialachas sonraí agus bainistíocht sonraí a chur i bhfeidhm

Tá an treo straitéiseach atá leagtha amach sa doiciméad seo ailínithe go dlúth le Straitéis Sonraí CNOS, rud a chinntíonn go ndéanann an dá straitéis comhlánú ar a chéile chun na gníomhartha, na sruthanna oibre, na spriocanna agus na tairbhí atá leagtha amach sa Straitéis TFC seo a bhaint amach.

# 4.0 Rialachas agus Cur chun Feidhme

Déanfaidh John Kearney (POF) urraíocht fhoirmiúil ar an tionscadal athsholáthair córais agus ar chur i bhfeidhm na straitéise TFC níos leithne; cinnteofar ar an mbealach sin tiomantas agus infheictheacht ag leibhéal feidhmiúcháin. D'fhonn maoirseacht agus treoir straitéiseach a sholáthar, bunófar Grúpa Stiúrtha Córas a mbeidh Príomhoifigeach na Teicneolaíochta agus na Nuálaíochta ina chathaoirleach air, i gcáil Úinéir an Chláir. Beidh ionadaithe sinsearacha as gach Colún sa ghrúpa seo, as a dtiocfaidh struchtúr rialachais trasfheidhmeach a chothóidh comhoibriú agus ailíniú le tosaíochtaí na heagraíochta.

Beidh sé de fhreagracht ar an nGrúpa Stiúrtha cuspóirí straitéiseacha a leagan síos, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn, rioscaí agus costais a bhainistiú, agus a chinntiú go ndéantar cinntí de réir threochlár foriomlán an TFC. Feidhmeoidh sé freisin mar phointe ardaithe i ndáil le saincheisteanna criticiúla agus srianta acmhainní. Is amhlaidh go mbeidh tuairisciú ar ghníomhaíochtaí agus ar chinntí an Ghrúpa Stiúrtha ina mhír sheasta ar an gclár oibre ag cruinnithe den Fhoireann Ardbhainistíochta, d'fhonn trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú ag an leibhéal is airde. Fairis sin, soláthróidh an Grúpa Stiúrtha nuashonruithe foirmiúla ar dhul chun cinn ag gach cruinniú den Chomhairle, rud a neartóidh an rialachas agus a chumasóidh cinnteoireacht eolach ag geallsealbhóirí.

Is amhlaidh go n-ullmhófar plean gnó cuimsitheach a roinnfear leis an Aonad Maoirseachta ar Rialachas Digiteach laistigh den Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, de réir riachtanais Chiorclán 14/21 – Socruithe um Maoirseacht ar Thionscnaimh Dhigiteacha agus ar Thionscnaimh a bhaineann le TFC sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí. Ó tharla gurb ionann an caiteachas ar na córais agus claochlú chuig bonneagar néalbhunaithe, beidh an tionscadal seo faoi réir athbhreithniú piaraí, mar a shainaithnítear i gCuid 2 de Chiorclán 14/21.

D'fhonn an chuntasacht a neartú, bunófar línte tuairiscithe soiléire, róil agus freagrachtaí sainithe, mar aon le méadrachtaí feidhmíochta. Cinnteoidh athbhreithnithe rialta go bhfanfaidh an cur chun feidhme ar an mbóthar ceart, go ndéanfar rioscaí a mhaolú go pras, agus go mbainfear na tairbhí amach mar a bhí beartaithe. Cothóidh an tsamhail rialachais seo ceannaireacht láidir, rannpháirtíocht geallsealbhóirí, agus feabhsú leanúnach feadh shaolré na straitéise TFC agus an tionscadail athsholáthair córais.

# 5.0 Acmhainní agus Cumas Foirne

Is ar fhorbairt an chumais inmheánaigh agus ar sholáthar leordhóthanach acmhainní a bhraitheann cur chun feidhme rathúil na Straitéise seo. Chuige sin, beidh gá le neartú suntasach ar an rannóg TF reatha,
idir líon na foirne agus shaineolas, i gcomhréir le heagraíochtaí den mhéid céanna.

Is éard a bheidh i gceist leis seo ná saineolas a chothú laistigh den Fhoireann Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, trí dheiseanna cóitseála, oiliúna agus uasoiliúna ar fud CNOS, chomh maith le hearcaíocht a dhéanamh i bpríomhróil d'fhonn an fhoireann a chumasú chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na teicneolaíochta nua.

Céim ríthábhachtach a bheidh i bhforbairt na n-acmhainní sin agus i neartú an chumais, idir thús an phróisis chun a chinntiú go mbeidh teacht ag CNOS ar an saineolas iomchuí chun tús a chur leis an gclaochlú, agus ar bhonn leanúnach ina dhiaidh sin. Tacófar leis seo trí chlár cóitseála agus oiliúna a rolladh amach d'fhonn a chinntiú gur féidir le CNOS an saineolas sin a choinneáil ar bhealach inbhuanaithe.

In éagmais acmhainní buana, rud a d'fhéadfadh am a thógáil, ceapfaidh CNOS conraitheoirí i bpríomhróil go dtí go dtiocfaidh foireann lánaimseartha de chuid CNOS ina n-ionad ar deireadh thiar.

## 5.1 An Rannóg Teicneolaíochta agus Nuálaíochta

Áireofar na cineálacha gníomhaíochtaí seo a leanas a bheidh le déanamh ag an bhFoireann TFC:


- Plean Gnó a fhorbairt, lena n-áirítear meastacháin ar chostais.
- Feidhm thiomnaithe maidir le Barr Feabhais Oibríochtúil TF a bhunú laistigh den Fhoireann Teicneolaíochta agus Nuálaíochta; beidh freagracht ar an bhfeidhm seo as cur chun feidhme na straitéise, taighde, bainistíocht córas, soláthar TF, cibearshlándáil, forbairt córas, agus comhairle agus tacaíocht d'úsáideoirí.
- Earcaíocht a dhéanamh i bpríomhróil (mionsonraí in Aguisín 2), lena n-áirítear:
    - Bainisteoir Straitéise agus Cláir TFC
    - Ceannaire Rialachais Sonraí
    - Saineolaí Cibearshlándála
    - Stiúrthóir Gréasáin
    - Riarthóir Bunachar Sonraí
    - Speisialtóir Inrochtaineachta agus Eispéireas Úsáideora (UX)
    - Comhordaitheoir Tacaíochta agus Oiliúna TF
    - Saineolaí ArcGIS

- Úsáid a bhaint as painéil Phrintíseachta TFC mar fhoinse earcaíochta le haghaidh saineolais i réimsí éagsúla den TF.
- Is amhlaidh go gceapfar agus go gcuirfear i bhfeidhm straitéis soláthair a rialóidh cur chuige foriomlán na Foirne Teicneolaíochta agus Nuálaíochta maidir le Córas Néalríomhaireachta a roghnú. Beidh an straitéis soláthair seo múnlaithe ag an taighde agus ag an anailís mhargaidh a dhéanfaidh an fhoireann. Beidh rannpháirtíocht mar bhaill de HEAnet ina thosaíocht agus cuirfidh sé sin eolas ar fáil don straitéis sa réimse seo. Beifear i dteagmháil le OGCIO agus le DGOU ar bhonn leanúnach chomh maith.
- Taighde leanúnach ar fhorbairtí TFC trasna raon na bhféidearthachtaí teicniúla.
- Rannpháirtíocht leanúnach le sainchomhairleoirí agus le soláthraithe TFC, le comhlachtaí poiblí eile agus leis an OGCIO, mar aon le ballraíocht i bhFóram Bhainisteoirí TFC na hEarnála Poiblí chun fanacht cothrom le dáta maidir le forbairtí agus deiseanna TFC.

## 5.2 Ar fud CNOS

- Litearthacht sonraí, dhigiteach agus intleachta saorga a fheabhsú trí mhodhanna nua oibre agus trí oiliúint shaincheaptha don fhoireann uile, le tacaíocht spriocdhírithe do na ERSOanna agus don fhoireann atá ag plé leis an bpobal
- Litearthacht slándála a mhéadú i measc na foirne uile (mar aon le tástáil)
- Is amhlaidh go mbainfear earraíocht as One Learning, as ranganna teagaisc an OGCIO, agus as traenálaithe seachtracha TF d'fhonn tuiscint uileghabhálach ar réimse an TF a sholáthar, de réir riachtanais na foirne
- Comhpháirtíochtaí a fhorbairt le hAonad TF na Roinne Oideachais, le díoltóirí seachtracha, agus le foirne claochlaithe digitigh san earnáil phoiblí

Cinnteoidh creat pleanála don lucht oibre go mbeidh ailíniú idir tionscnaimh TF agus acmhainn foirne feadh na timthrialla straitéisí.



# 6.0 Claochlú agus Bainistíocht Athraithe

Is cuid de chlaochlú suntasach ar chleachtais ghnó reatha a bheidh sa chóras nua, idir phróisis agus thimpeallacht teicneolaíochta. Tá bainistíocht athraithe d'ardchaighdeán ríthábhachtach do rath an chórais nua, maidir le sainiú, imscaradh agus cur chun feidhme; go deimhin, beidh sé ríthábhachtach go gcuirfear tús le cleachtaí bainistíochta athraithe i bhfad sula ndéanfar an córas nua a sholáthar.

Beidh tionchar ag an gclaochlú ar gach réimse de ghnó CNOS chomh maith le geallsealbhóirí seachtracha. Beidh sé ríthábhachtach bealaí cumarsáide a fhorbairt le príomhgheallsealbhóirí (m.sh. scoileanna) sula gceannófar nó sula n-imscarfar an córas d'fhonn bainistíocht athraithe shuntasach a stiúradh agus rolladh amach rathúil a bhaint amach.

Éascóidh an córas néalbhunaithe oibríochtaí inmheánacha i bhfad níos rianúla. Beidh idirghníomhú le geallsealbhóirí níos sruthlínithe agus níos simplí. Beidh tuismitheoirí in ann iarratas a dhéanamh go díreach ar sheirbhísí CNOS trí thairseach ar ár láithreán gréasáin. Beidh scoileanna in ann cumarsáid a dhéanamh go díreach le CNOS tríd an gcóras le haghaidh nuashonruithe, amhail leithdháileadh acmhainní, athbhreithniú SET, athbhreithniú SNA, srl.

Ní bheidh an córas ann féin in ann an t-athrú a sheachadadh; le go mbeidh an t-athrú éifeachtach, is gá gur faoi stiúir an ghnó a bheidh sé, le haontacht ar fud na heagraíochta go léir. Is ionann an córas nua agus claochlú suntasach a mbeidh gá le bainistiú cúramach air.  Mar a luaitear i Straitéis Sonraí CNOS (2025-2028), beidh CNOS ina eagraíocht sonraíbhunaithe, agus d'fhonn an sprioc seo a bhaint amach go hiomlán, tá litearthacht sonraí ar fud na heagraíochta ríthábhachtach.

Is amhlaidh go gceapfar agus go gcuirfear i bhfeidhm plean claochlaithe, faoi stiúir bainisteora claochlaithe, chun an t-aistriú seo a threorú.

## 6.1 Sonraí Eagraíochtúla agus Litearthacht Dhigiteach a thógáil


Is gné ríthábhachtach de rath an athraithe í cothú agus forbairt na litearthachta digití agus sonraí ar fud na heagraíochta. Beidh an Fhoireann Teicneolaíochta agus Nuálaíochta chun tosaigh maidir le feabhsú na litearthachta TF inmheánaí trí oiliúint spriocdhírithe a chur ar fáil don fhoireann uile. Díreofar go speisialta ar ERSOanna agus ar fhoireann tacaíochta chun rochtain chothrom agus úsáid éifeachtach teicneolaíochtaí nua sa réimse a chinntiú.

Tá foireann chumasach, oilte, rannphháirteach ríthábhachtach chun luach gnó agus polasaí a bhaint as sonraí. Beidh oibríochtaí ar fud na heagraíochta cumasaithe go digiteach níos mó as seo amach. Chuige sin, beidh gá le hinfheistíocht i bhforbairt inniúlacht ár bhfoirne chun leas a bhaint
as deiseanna a bhaineann le sonraí. Tabharfar tacaíocht don fhoireann trí aon athruithe riachtanacha chun a chinntiú go mbeidh siad oilte go cuí chun leas a bhaint as na deiseanna a thairgeann sonraí agus teicneolaíocht ghaolmhar mar chabhair dóibh ina róil. Áireofar leis seo litearthacht slándála, mar a thagraítear dó i gcuid 3.3, agus litearthacht intleachta saorga (IS), d'fhonn a bheith inniúil ina húsáid agus eolach ar an dea-chleachtas, chun na tairbhí is mó is féidir a bhaint aisti agus chun comhlíonadh Pholasaí an Rialtais agus Acht IS an AE a chinntiú.

Pleananna cumarsáide agus oiliúna a fhorbairt atá oiriúnaithe do riachtanais na n-úsáideoirí éagsúla gnó agus teicniúla ar fud na heagraíochta.

Foráil a dhéanamh d'imeachtaí comhroinnte eolais chun tionscnaimh rathúla ó gach rannóg de CNOS a thaispeáint (ag baint úsáide as cainteoirí seachtracha de réir mar is cuí)

- Fóraim oideachais agus pleananna cumarsáide a chruthú ag CNOS
- Oiliúint agus tacaíocht maidir le bainistíocht sonraí a fheabhsú



# 7.0 Straitéis um Ascnamh Sonraí Oidhreachta

Mar chuid den aistriú i dtreo córais nua-aimseartha, aithníonn an eagraíocht a thábhachtaí atá sé sonraí stairiúla ó chórais oidhreachta atá ann cheana a mheas agus, b'fhéidir, a ascnamh. Is amhlaidh go bhféadfadh na sonraí seo, atá carntha le blianta fada, léargais luachmhara a sholáthar le haghaidh anailís staitistiúil, meastóireacht seirbhíse, agus pleanáil ghnó amach anseo.

Cuirfidh an Fhoireann Teicneolaíochta agus Nuálaíochta Plean Cuimsitheach Ascnamh Sonraí i bhfeidhm, a thabharfaidh rialachas agus treoir shoiléir do gach gníomhaíocht laistigh den tionscadal ascnaimh.

Tabharfar faoi phróiseas struchtúrtha meastóireachta i leith gach córas oidhreachta agus an tacar sonraí gaolmhar chun an cur chuige is iomchuí maidir le hascnamh sonraí a chinneadh. Áirítear ar na córais oidhreachta:

- Freshdesk
- SEAS (Bunachar Sonraí)
- ArcGis
- Adobe Connect

Beidh an mheastóireacht seo bunaithe ar dhá phríomhchritéar:

## 1. Luach d'Oibríochtaí agus do Phleanáil amach anseo

Déanfar measúnú ar ábharthacht agus ar úsáideacht na sonraí chun tacú le cinnteoireacht straitéiseach, forbairt seirbhísí, rianú feidhmíochta, agus ceanglais chomhlíonta. Tabharfar tosaíocht do thacair sonraí a sholáthraíonn tairbhí intomhaiste do sheachadadh seirbhíse agus d'fhaisnéis eagraíochtúil amach anseo.

## 2. Coimpléascacht agus Riosca an Ascnaimh


Cuirfear san áireamh freisin an deacracht theicniúil, na himpleachtaí acmhainne, agus na rioscaí a bhaineann le baint, claochlú agus iompórtáil na sonraí isteach sa chóras nua. Is amhlaidh go mbainfear an tosaíocht de na tacair sonraí sin a mbeadh iarracht dhíréireach de dhíth orthu nó a chuirfeadh sláine sonraí nó feidhmíocht an chórais i mbaol mór.

Cinntíonn an cur chuige roghnach seo go dtacaíonn ascnamh sonraí leagáide le mórchuspóirí na nua-aimseartha, na héifeachtúlachta agus na pleanála bunaithe ar shonraí, gan acmhainní ná feidhmíocht an chórais a chur i gcontúirt.

# 8.0 Cur Chuige Soláthair

Forbrófar straitéis soláthair chun eolas a thabhairt dár gcur chuige i leith an mhargaidh. Beidh an straitéis bunaithe ar na prionsabail agus ar na torthaí ionchais seo a leanas:

- Acmhainní soláthair HEAnet agus OGP a uasmhéadú
- Luach ar airgead a chinntiú (ar bhonn saolré iomláine)
- Córas aontaithe néalbhunaithe aonair (lena n-áirítear Bunachar Sonraí, CRM, DMS, CMS)
- Tairseacha suímh ghréasáin le haghaidh rannpháirtíocht scoileanna/tuismitheoirí
- Meascán de thógáil shaincheaptha agus de réitigh réamhdhéanta atá curtha in oiriúint
- Is ag CNOS a bheidh úinéireacht an chórais deiridh
- Cloí le polasaithe soláthair níos leithne an Rialtais (reachtaíocht, ciorcláin agus treoirlínte) agus comhlíonadh na bpolasaithe sin
- Infheistíocht don todhchaí agus inscálaitheacht



# 9.0 Treochlár – Príomhthionscadail

| | | |
|---|---|---|
| **Bainistíocht Sonraí** | Moltaí i Straitéis Sonraí CNOS 2025–2028 a chur i bhfeidhm | **2025-2028** |
| **Suíomh Gréasáin** | Suíomh gréasáin nua a imscaradh sa néal | **R4 2025** |
| **Píolótú IS** | Píolótú a dhéanamh ar Co-Pilot Chat (trí OGCIO) | **R4 2025** |
| **Dréacht-Chás Gnó** | Le haghaidh faomhadh na Comhairle agus athbhreithniú piaraí trí DGOU | **R1 2026** |
| **Sonraí a bharrfheabh sú roimh imscaradh an chórais nua** | Rialachas agus Bainistíocht Sonraí chun sláine sonraí a fheabhsú agus uathoibrithe ar phróisis a chur i bhfeidhm (le cabhair ó DBA) | **2025-2026** |
| **Mapáil agus Feabhsú ar Phróisis Ghnó** | Tascanna riaracháin agus sreafaí oibre a uathoibriú agus a shruthlíniú chun éifeachtacht agus trédhearcacht a chinntiú | **2025-2026** |
| **Grúpa Cur Chun Feidhme Tionscadail a Bhunú** | Gach Colún | **R1 2026** |
| **Tairseacha Suímh Ghréasáin** | Tosú ar fhorbairt, thástáil agus imscaradh tairseacha le haghaidh iarratas agus cumarsáide | **2026** |
| **Ollstóráil Sonraí** | Ollstóráil sonraí néalbhunaithe a chur i bhfeidhm chun sonraí oideachais agus riaracháin a chomhbhailiú agus a stóráil le haghaidh tuairiscithe agus anailíse, roimh ascnamh sonraí chuig an gcóras nua. | **2026** |
| **Loch Sonraí** | Loch Sonraí a chur i bhfeidhm le haghaidh sonraí neamhstruchtúrtha | **2026** |

| | | |
|---|---|---|
| **Macasamhlú Sonraí SEAS sa Néal** | Bunachar sonraí néalbhunaithe a mhacasamhlaíonn SEAS ar an láthair (beart eatramhach roimh an gcóras nua) | **2026** |
| **Cibearshlándáil** | Oiliúint/earcaíocht/conradh leordhóthanach a chinntiú chun go mbeidh bearta cuí i bhfeidhm dár gcóras néalbhunaithe | **2026-2028** |
| **Plean d'Ascnamh Sonraí a chur i dtoll a chéile** | Plean bainistithe mionsonraithe chun tacú le gníomhaíochtaí an tionscadail ascnaimh agus iad a threorú | **2026** |
| **Plean Claochlaithe** | Straitéis chlaochlaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, faoi stiúir Bainisteoir Claochlaithe | **2026** |
| **Straitéis Soláthair** | Straitéis soláthair chun bonn eolais a chur faoinár gcur chuige i leith an mhargaidh | **2026** |
| **Plean Bainistíochta Costas** | Cur chuige maidir le rialuithe, monatóireacht agus rannpháirtíocht costas sa timpeallacht néalríomhaireachta | **2026** |
| **Gabháil Sonraí: Tús Áite don Digitiú** | Próisis ghabhála sonraí de láimh nó ar pháipéar a ionadú le modhanna iontrála digití chun nuashonruithe fíor-ama agus barr feabhais ar chruinneas a chinntiú | **2027** |
| **Cur chun Feidhme an Chórais Néalbhunaithe** | An t-aistriú ón gcóras reatha go dtí an córas athsholáthair | **2028** |

# Aguisín 1: Breithnithe Straitéiseacha, Beartais agus Dlí

Tá an straitéis TF seo ag teacht le chéile leis na straitéisí agus na treoracha seo a leanas, agus tacaítear léi tríothu;

**Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí 2019-23 –**
https://assets.gov.ie/7107/7ac4ae109cd944dc99c9e178962fa095.pdf

**Seirbhísí Poiblí Níos Fearr – Straitéis Chlaochlaithe don tSeirbhís Phoiblí 2030 –**
https://assets.gov.ie/static/documents/better-public-services-public-service-transformation-2030-strategy.pdf

**Treoirlínte an Rialtais maidir le hAcmhainní Néalríomhaireachta –**
https://www.gov.ie/en/department-of-public-expenditure-infrastructure-public-service-reform-and-digitalisation/publications/cloud-computing-resources/

**Nóta Comhairle maidir le Néalríomhaireacht –** https://www.gov.ie/en/department-of-public-expenditure-infrastructure-public-service-reform-and-digitalisation/publications/cloud-computing-advice-note-2025/

**Nóta Treorach maidir le Soláthar Seirbhísí Néalríomhaireachta 2025 –**
https://www.gov.ie/en/office-of-government-procurement/publications/cloud-services-procurement-guidance-note-2025-update/

**Athnuachan na Státseirbhíse 2030 –** https://www.gov.ie/en/publication/efd7f-civil-service-renewal-2030/

**Cónascadh Rialtais 2030 –** https://www.gov.ie/en/publication/136b9-connecting-government-2030-a-digital-and-ict-strategy-for-irelands-public-service/

**Leas a Bhaint as an Digitiú – Creat Digiteach na hÉireann –**
https://www.gov.ie/en/department-of-the-taoiseach/publications/harnessing-digital-the-digital-ireland-framework/

**Straitéis Náisiúnta um Intleacht Shaorga d'Éirinn –** https://enterprise.gov.ie/en/publications/publication-files/national-ai-strategy.pdf

**Treoir maidir le Sonraí Oscailte (2019) –** https://data.gov.ie/pages/open-data-directive

**Straitéis Sonraí Oscailte 2023-2027 –** https://assets.gov.ie/277517/45722fb7-1e1c-414a-830b-fa831388aecf.pdf

**An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018 –**
https://www.irishstatutebook.ie/eli/2018/act/7/enacted/en/html

**Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS), 2018 –**
https://www.gov.ie/en/publication/ebc33-general-data-protection-regulation-gdpr-may-2018/

**An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 –**
https://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/act/30/enacted/en/

# Aguisín 2: Róil Néalríomhaireachta – Ón bhForbairt go dtí an tIar-Imscaradh

Sa tábla thíos, tugtar breac-chuntas ar na róil nua is gá a thabhairt isteach nó a fhorbairt chun go n-aistreoidh CNOS i dtreo na timpeallachta néalríomhaireachta agus go n-oibreoidh sé laistigh di. Is féidir cuid de na róil seo a líonadh as baill foirne atá ann cheana, agus cuid eile trí earcaíocht nó trí chonraitheoirí seachtracha.

| | Ról | Gníomhaíocht | Grád Táscach | Acmhainn Inmheánach / Sheachtrach | Uimhir | Riachtanas Measta |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Róil Lárnacha (tionscadal nasctha)** | | | | | | |
| **1** | Ailtire Réitigh | Réiteach barrmhaith, slán agus láidir a dhearadh. | APO/PO | Seachtrach | 1 | Ról sealadach (12 mhí) – Braitheann an ról seo ar thoradh sholáthar an chórais – beidh an ról seo mar chuid d'fhoireann an tairgeora rathúil |
| **2** | Saineolas Soláthair | Sonraíocht – Cur chuige i leith praghsála, srl. | HEO | Inmheánach nó Seachtrach | 1 | Ról sealadach (6 mhí). Meastar go mbeidh sé riachtanach i R1 2026 |
| **3** | Bainisteoir Tionscadail | Stiúradh ar an bhforbairt fhoriomlán. | APO | Seachtrach | 1 | Ról sealadach (24 mhí). Meastar go mbeidh sé riachtanach ó R2 2027 ar aghaidh |
| **4** | Bainisteoir Athraithe | Stiúradh ar rolladh amach an tionscadail – á bhainistiú ag foireann CNOS. | APO | Seachtrach | 1 | Ról sealadach (9 Mhí). Riachtanach go déanach in 2027 |
| **5** | Forbróir | An réiteach a dhear an tAiltire Réitigh a chur i bhfeidhm. | APO | Seachtrach | 2 | Ról sealadach (12 – 18 Mhí). Braitheann an ról seo ar thoradh sholáthar an chórais – beidh sé ina chuid d'fhoireann an tairgeora rathúil |

| | Ról | Gníomhaíocht | Grád Táscach | Acmhainn Inmheánach / Sheachtrach | Uimhir | Riachtanas Measta |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **6** | Saineolaí Slándála TFC | Slándáil néalríomhaireachta riachtanach a thógáil, a bhainistiú agus a chothabháil. | APO | Inmheánach | 1 | Ról buan. Riachtanach in 2026 |
| **7** | Riarthóir Néalríomhaireachta / Sys Ops | Imscaradh an réitigh agus cinntiú go mbeidh an córas ar fáil go leanúnach (lena n-áirítear buanchothabháil, monatóireacht, slándáil, barrfheabhsú agus fabhtcheartú córais). | APO/HEO | Inmheánach | 2 | Ról buan. Riachtanach go déanach in 2027 |
| **8** | Anailísí Sinsearach Gnó | Tuiscint ar CNOS, mapáil ar phróisis, tabhairt faoi mheasúnuithe riosca, uasmhéadú ar acmhainní, agus nascadh foirne. Riachtanach ag céim forbartha na straitéise /an réitigh. | APO/HEO | Seachtrach | 2 | Ról sealadach (6 mhí). Is amhlaidh go mbeidh breis ama de dhíth chun dul i ngleic leis an gcoimpléascacht agus beidh gnéithe den ról seo ina riachtanas leanúnach d'fhostaí inmheánach. Riachtanach i R3/ R4 2025 |
| **Róil Speisialtóra** | | | | | | |
| **9** | Oibríochtaí TFC | Oibríochtaí TFC | APO | Inmheánach | 1 | 2027 – beidh foireann tacaíochta de dhíth don ról seo (foireann reatha agus eile) |
| **10** | TFC Bonneagar | Cothabháil ar bhonneagar néalríomhaireachta. | APO | Inmheánach | 1 | 2027 – beidh foireann tacaíochta de dhíth don ról seo (foireann reatha agus eile) |
| **11** | Rialachas agus Bainistíocht sonraí | Ceannaireacht ar rialachas agus bainistíocht sonraí - forbairt beartais, sláine sonraí, srl. | APO | Inmheánach | 1 | 2025 – beidh foireann tacaíochta de dhíth don ról seo (foireann reatha agus eile) |
| **12** | Teicneoir Líonra | Cothabháil líonra agus sláine na sonraí. | HEO | Inmheánach | 2 | Ról buan. Riachtanach in 2027 |

| | Ról | Gníomhaíocht | Grád Táscach | Acmhainn Inmheánach / Sheachtrach | Uimhir | Riachtanas Measta |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **13** | Speisialtóir/ Riarthóir Bunachar Sonraí | Bainistíocht leanúnach agus barrfheabhsú bunachar sonraí. | HEO/EO | Inmheánach | 2 | Ról sealadach ar dtús (12 mhí) a bheidh ina phost buan ar deireadh. Riachtanach i R3 2025 (ag obair ar na córais reatha) |
| **14** | Innealtóir DevOps | Speisialtóir a oibríonn i dtimpeallacht chomhtháite forbartha agus oibríochtaí. Cóid a fhorbairt le haghaidh forbairtí córais. | APO/HEO | Inmheánach | 2 | Ról buan. Riachtanach i R3 2025 (ag obair ar na córais reatha) |
| **15** | Saineolaithe Ascnaimh Sonraí/ETL | Comhoibriú leis an Riarthóir Bunachar Sonraí (DBA) chun na sonraí a aistriú chuig an gcóras nua. | APO | Inmheánach | 1 | Riachtanach 2025/2026 |
| **16** | Anailísí Sonraí | Anailís staitistiúil ar shonraí chun treochtaí a aithint mar fhreagairt ar riachtanais ghnó. | HEO/EO | Inmheánach | 2 | Seans go mbeidh siad lonnaithe i gColúin eile. Róil bhuana. Riachtanach i R3/ R4 2025 |
| **Riarthóirí TFC/Néalríomhaireachta** | | | | | | |
| **17** | Riarthóirí | Rialú Rochtana, bainistíocht cuntas, monatóireacht ar chostais, agus tacaíocht agus cumarsáid athraithe. | EO / CO | Inmheánach | 4 | Táthar ag súil go mbeidh an fhoireann reatha in ann na róil seo a chomhlíonadh. Beidh gá le hoiliúint/uas-sciliú ar chur ar bhaill foirne. Riachtanach in 2027 |

| Céim | Uimhreacha | Buan | Sealadach |
|---|---|---|---|
| Forbairt | 8 | 19 | 8 |
| Iar-Imscaradh | 19 | | |

Ina theannta sin, beidh gá le Príomhoifigeach Faisnéise buan amach anseo (in 2028, b'fhéidir). Beidh an ról seo ina phost sinsearach ag leibhéal an Stiúrthóra nó an Rúnaí Cúnta, go háirithe ag féachaint don chonair fháis atá réamh-mheasta do CNOS.

An Chomhairle Náisiúnta
um Oideachas Speisialta
National Council
for Special Education